C/2025/2110

2.4.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11648 – APG REP / PIMCO PRE / OMGH JV)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/2110)

1. An 26 Márta 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— APG Strategic Real Estate Pool ('APG REP', an Ísiltír), faoi rialú Stichting Pensioenfonds ABP ('ABP', an Ísiltír),

— PIMCO Prime Real Estate GmbH ('PIMCO PRE', an Ghearmáin), faoi rialú Allianz SE ('Allianz', an Ghearmáin),

— Outlet Mall Group Holding S.à.r.l. ('OMGH JV', Lucsamburg).

Gheobhaidh APG REP agus PIMCO PRE rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar OMGH JV ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is ciste frithpháirteach é APG REP a dhíríonn ar infheistíochtaí i réadmhaoin ar bhonn domhanda, lena n-áirítear san Eoraip, i gCríocha Mheiriceá agus san Áise Ciúin. Is ciste pinsin é ABP le haghaidh fostaithe rialtais agus oideachais san Ísiltír. Is le ABP (trí Via Outlets) ionad díolacháin Batavia in Lelystad na hÍsiltíre (thart ar 60 km ó thuaidh d'Amstardam),

— Tá PIMCO PRE mar chuid d'ardán réadmhaoine Pacific Investment Management Company, LLC, gnólacht bainistíochta infheistíochta domhanda a bhfuil gníomhaíochtaí aige ar fud na hEorpa, na hÁise, Chríocha Mheiriceá, an Mheánoirthir agus na hAfraice. Is é Alllianz máthairchuideachta deiridh Allianz Group, grúpa domhanda comhtháite seirbhísí airgeadais a oibríonn in earnáil an árachais saoil agus neamhshaoil agus in earnáil na dtáirgí bainistíochta sócmhainní,

— Tá leasanna ag OMGH JV i bpunann d'ionaid díolacháin san Ostair (Designer Outlet Parndorf), san Iodáil (Designer Outlet Castel Romano agus Designer Outlet Serravalle) agus san Ísiltír (Designer Outlet Roermond).

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11648 – APG REP / PIMCO PRE / OMGH JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË